AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.3.2022
COM(2022) 88 final

2022/0062 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Muirí Idirnáisiúnta le linn an 105ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta agus an 46ú seisiún den Choiste Éascaíochta i ndáil le rún a ghlacadh maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iniompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77), agus i ndáil le leasuithe ar an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (FAL)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 105ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (MSC 105), rud a reáchtálfar ón 20 go dtí an 29 Aibreán 2022, agus ag an 46ú seisiún de Choiste Éascaíochta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (FAL 46), ruda reáchtálfar ón 9 go dtí an 13 Bealtaine 2022.

Le linn MSC 104, beartaíodh go nglacfaí rún MSC ag MSC 105 maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha iniompartha an-ardmhinicíochta (VHF) dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77).

Le linn FAL 45, beartaíodh go nglacfaí leasuithe ar an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (FAL) ag FAL 46.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a bhunaítear IMO.. Is é is cuspóir do IMO fóram a chur ar fáil le haghaidh comhar i réimse na rialála agus na gcleachtas a bhaineann le hábhair theicniúla de gach cineál a dhéanann difear do loingeas atá ag gabháil do thrádáil idirnáisiúnta. Thairis sin, tá sé d'aidhm aici glacadh ginearálta na gcaighdeán is airde is féidir a chur chun cinn maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, le héifeachtúlacht na loingseoireachta agus le cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, agus leis sin an cothrom iomaíochta a chur chun cinn. Bíonn sí ag plé freisin leis na hábhair riaracháin agus dlí a bhaineann leis an méid sin.

Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún. Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (FAL), rud a glacadh an 9 Aibreán 1965, agus a tháinig i bhfeidhm an 5 Márta 1967. Níl an tAontas ina pháirtí i gCoinbhinsiún FAL.

2.2. An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é IMO a bhfuil freagracht uirthi maidir le sábháilteacht agus slándáil loingis agus maidir le truailliú muirí ó longa a chosc. Is é IMO an t-údarás domhanda ó thaobh caighdeáin a leagan síos maidir le sábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht chomhshaoil an loingis idirnáisiúnta. Is é an príomhról atá aige creat rialála cóir éifeachtach a chruthú le haghaidh an tionscail loingis, creat a ghlacfar go huilíoch agus a chuirfear chun feidhme go huilíoch.

Is féidir le gach Stát a bheith ina chomhalta de IMO agus tá Ballstáit uile an Aontais ina gcomhaltaí de IMO. An Socrú le haghaidh Comhoibriú agus Comhar a tugadh i gcrích idir an Eagraíocht Chomhairleach Mhuirí Idir-rialtasach (IMCO) agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach in 1974, is air go háirithe atá caidreamh an Aontais le IMO bunaithe.

Tá Comhaltaí uile IMO ar Choiste Muir-Shábháilteachta IMO agus bíonn cruinniú aige uair amháin sa bhliain ar a laghad. Pléann sé le haon ábhar atá faoi raon feidhme na hEagraíochta

a bhaineann le háiseanna loingseoireachta, déanmhas agus trealamh soithí, foireannú ó thaobh na sábháilteachta de, rialacha le haghaidh imbhuailtí a chosc, láimhseáil lastaí contúirteacha, nósanna imeachta agus ceanglais i ndáil leis an tsábháilteacht mhuirí, faisnéis hidreagrafach, logleabhair agus taifid loingseoireachta, imscrúdú ar thaismigh mhuirí, tarrthálas agus tarrtháil, agus aon ábhar eile a dhéanann difear díreach don tsábháilteacht mhuirí.

Tá Comhaltaí uile IMO ar Choiste Éascaíochta IMO agus bíonn cruinniú aige uair amháin sa bhliain ar a laghad. Bíonn sé ag plé le hábhair a bhaineann le muirthrácht idirnáisiúnta a éascú, lena n-áirítear teacht long, daoine agus lasta chuig calafoirt, a bhfanacht iontu, agus a n-imeacht uathu. Tugann an Coiste aghaidh freisin ar ríomhghnó, lena n-áirítear coincheap an ionaid ilfhreastail, agus is é is aidhm dó a áirithiú go mbaintear an chothromaíocht cheart amach idir an rialáil agus éascú na trádála idirnáisiúnta muirí.

Cuireann Coiste Muir-Shábháilteachta IMO agus Coiste Éascaíochta IMO araon sásra ar fáil chun cibé dualgas a shanntar dóibh le Coinbhinsiún IMO, le Comhthionól IMO nó le Comhairle IMO a chur i gcrích, nó aon dualgas faoi chuimsiú an raoin feidhme thuasluaite a d'fhéadfaí a shannadh dóibh le haon ionstraim idirnáisiúnta eile nó faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a nglacfadh IMO leis. Is trí thromlach a gComhaltaí a ghlactar cinntí an Choiste Muir-Shábháilteachta agus an Choiste Éascaíochta, maille le cinntí a bhfochomhlachtaí.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag Coiste Muir-Shábháilteachta IMO

Ón 20 go dtí an 29 Aibreán 2022, tá MSC 105 le dréachtrún MSC a ghlacadh maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77).

Is é is aidhm don rún atá beartaithe feabhas a chur ar na caighdeáin feidhmíochta a glacadh roimhe seo i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, caighdeáin a glacadh le rún MSC.149(77).

2.4. An gníomh atá beartaithe ag Coiste Éascaíochta IMO

An 9 go dtí an 13 Bealtaine 2022, tá FAL 46 le leasuithe ar Choinbhinsiún FAL a ghlacadh. Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, d'fhonn an Iarscríbhinn sin a thabhairt níos gaire do cheanglais Rialachán (AE) 2019/1239 agus do na rialacha comhaontaithe gnó maidir leis an Rialachán sin a chur chun feidhme, eadhon tríd an tarchur leictreonach trí ionad ilfhreastail a dhéanamh éigeantach, athrá eilimintí sonraí a sheachaint, cosc a chur ar úsáid foirmeacha páipéir le haghaidh tarchur sonraí, agus an ceanglas maidir le síniú de láimh a tharscaoileadh.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

3.1. Rún MSC maidir le Caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77)

Le linn an 8ú seisiún den Fhochoiste um Loingseoireacht, um Chumarsáid agus um Chuardach agus Tarrtháil (NCSR 8), rud a reáchtáladh go fíorúil ón 19 go dtí an 23 Aibreán 2021, chomhaontaigh an Fochoiste dréachtrún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún

lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77), d'fhonn go ndéanfaí é a fhormheas ag MSC 104 agus a ghlacadh ina dhiaidh sin ag MSC 105.

D'fhormheas MSC 104 na leasuithe atá beartaithe agus léirítear le mír 12.8.2.9 de thuarascáil MSC 104 (MSC 104/18) go bhforáiltear go nglacfar na leasuithe ag MSC 105.

Ag NSCR 8, ba é seasamh an Aontais tacú leis na tograí in CIRM (NSCR 8/6/2) agus Seapáin (NCSR 8/6/4) chun rún MSC.149(77) maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iniompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais a leasú chun an léirmhíniú aontaithe a comhaontaíodh ag NSCR 7 a chur san áireamh agus chun a mholadh go n-úsáidfí doiciméad NCSR 8/6/4 (Seapáin) mar bhonn le haghaidh leasú an rúin.

Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go gcuirfidh siad feabhas ar na caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iniompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais a glacadh roimh seo, le rún MSC 149(77), chun freastal ar nuachóiriú an Chórais Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí (GMDSS) agus chun go gcuirfear san áireamh an léirmhíniú aontaithe maidir leis na dátaí bailíochta ceallraí i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iniompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais.

3.2. Leasuithe ar an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (FAL)

Ag 42ú seisiún FAL, d'fhormheas sé aschur nua maidir leis 'Athbhreithniú agus tabhairt cothrom le dáta na hiarscríbhinne a ghabhann le Coinbhinsiún FAL', aschur arb é is aidhm dó na forálacha a bhaineann leis an tarchur leictreonach faisnéise a neartú, chun go gcuimseofar oibleagáid shoiléir ar na húdaráis phoiblí ionad ilfhreastail a thabhairt isteach chun prionsabal na tuairiscithe aonuaire a thabhairt isteach, chun úsáid Choimre IMO maidir le hÉascú agus Ríomhghnó a shainordú ar mhaithe lena áirithiú go ndéanfar sainmhínithe na sonraí a chomhchuibhiú, chun feidhmeanna foirmeacha FAL a shoiléiriú i gcomhthéacs an tarchuir leictreonaigh, agus chun an ceanglas maidir le síniú de láimh a tharscaoileadh. Cuimsíodh an t-aschur nua, aschur arb é 2021 an spriocbhliain lena chur i gcrích, ar an gclár oibre débhliantúil atá aige le haghaidh 2018-2019 agus ar an gclár oibre sealadach le haghaidh FAL 43. I ndáil leis sin, bheartaigh FAL 42 Grúpa Comhfhreagrais maidir le hAthbhreithniú agus Tabhairt Cothrom le Dáta na hIarscríbhinne a ghabhann le Coinbhinsiún FAL a bhunú, faoi chomhordú na Fraince, agus thug sé ordú don Bhallstát sin athbhreithniú a thionscnamh ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL agus leasuithe a dhréachtú lena mbreithniú a thuilleadh ag FAL 43.

Rinne FAL 43 obair an Ghrúpa Comhfhreagrais a fhormhuiniú agus chinn sé na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- Ba cheart ardú céime a thabhairt don Cleachtas Molta maidir le bunú ionaid ilfhreastail ionas gur Caighdeán a bheidh ann;
- Ba cheart an sainmhíniú ar ionad ilfhreastail a bheith ina shainmhíniú cineálach;
- An Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL, níor cheart gur cuid di Coimre IMO, is amhlaidh nár cheart a bheith ann ach tagairt don choimre sin;
- Níor cheart ceanglas víosa (más gá) le haghaidh cead saoire ar tír a chur san áireamh sa liosta criú;
- Bunú coisí náisiúnta éascaíochta, sin rud ba cheart a bheith ina Chleachtas Molta go fóill;

- Na heilimintí sonraí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL, bhí gá le tuilleadh plé maidir le cé acu ba cheart iad a bheith liostaithe de réir foirmiúlachta go fóill, nó ar cheart liosta iomlánaíoch a chuimsiú i bhFoscríbhinn.

D'fhormhuinigh an Coiste freisin athbhunú an ghrúpa comhfhreagrais maidir le hathbhreithniú agus tabhairt cothrom le dáta na hIarscríbhinne a ghabhann le Coinbhinsiún FAL, faoi chomhordú na Fraince.

D'fhormheas FAL 44 úsáid máistirliosta chomhdhlúite sonraí i bhfoscríbhinn na hIarscríbhinne a ghabhann le Coinbhinsiún FAL agus chomhaontaigh sé go gcumascfaí, in aon Chaighdeán amháin, na Caighdeáin atá ann cheana a bhaineann le ceanglais maidir le fíordheimhniú i ndáil le gach ceann de na dearbhuithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL. De bhreis air sin, d'fhormhuinigh an Coiste athbhunú an ghrúpa comhfhreagrais maidir le hathbhreithniú agus tabhairt cothrom le dáta na hIarscríbhinne a ghabhann le Coinbhinsiún FAL, faoi chomhordú na Fraince, agus chomhaontaigh sé síneadh ama maidir leis an spriocbhliain i ndáil leis an méid sin a chur i gcrích ionas gurb é 2023 atá i gceist.

D'fhormheas FAL 45 na leasuithe atá beartaithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL, agus léirítear le mír 4.17 de thuarascáil FAL (FAL 45/22) go bhforáiltear go nglacfar na leasuithe ag FAL 46.

Ag FAL 42, ba é seasamh an Aontais tacú le togra na Tuirce (FAL 42/14) chun aschur nua a bhunú maidir le 'hAthbhreithniú agus tabhairt cothrom le dáta na hIarscríbhinne a ghabhann le Coinbhinsiún FAL'. De bhreis air sin, bhí na cinntí a glacadh ag FAL 43, FAL 44 agus FAL 45 i gcomhréir le seasaimh an Aontais.

Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin, toisc go dtabharfaidh siad an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL níos gaire do cheanglais Rialachán (AE) 2019/1239 agus go nglacfar leo na rialacha comhaontaithe gnó maidir leis an Rialachán sin a chur chun feidhme, eadhon chun an tarchur leictreonach trí ionad ilfhreastail a dhéanamh éigeantach, athrá eilimintí sonraí a sheachaint, cosc a chur ar úsáid foirmeacha páipéir le haghaidh tarchur sonraí, agus an ceanglas maidir le síniú de láimh a tharscaoileadh.

3.3. Reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh agus inniúlacht an Aontais Eorpaigh

3.3.1. Rún MSC maidir le Caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77)

Cumhdaítear gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais le Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí toisc go liostaítear é mar ítim 5.17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1158 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2021 maidir le ceanglais maidir le dearadh, tógáil agus feidhmiú trealaimh mhuirí agus caighdeáin tástála le haghaidh trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1170[1]. I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1158, déantar tagairt do Rún IMO MSC.149(77) maidir le caighdeáin feidhmíochta athbhreithnithe a ghlacadh i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais.

Dá bhrí sin, na caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais atá le glacadh ag MSC 105, déanfaidh siad difear do na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 2014/90/AE.

[1] IO L 254, 16.7.2021, lch. 1.

3.3.2. Leasuithe ar an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (FAL)

Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe i ndáil le longa atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht uathu agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE[2] (an 'Treoir maidir le Foirmiúlachtaí Tuairiscithe'), is é is aidhm di na nósanna imeachta riaracháin a chuirtear i bhfeidhm ar an iompar muirí a shimpliú agus a chomhchuibhiú trína leagan síos gurb é tarchur leictreonach na faisnéise an modh tarchuir caighdeánach agus trí fhoirmiúlachtaí tuairiscithe a chuíchóiriú. Le hAirteagal 7 den Treoir, ceanglaítear ar Bhallstáit an Aontais glacadh le foirmeacha FAL chun na foirmiúlachtaí tuairiscithe a chomhlíonadh. In Airteagal 2(c) den Treoir, sainmhínítear 'Foirmeacha FAL' mar '*na foirmeacha caighdeánaithe, dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún FAL*'. De bhreis air sin, soláthraítear liosta na bhFoirmeacha FAL i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2010/65/AE.

In 2019, ghlac an tAontas Eorpach Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE[3] ('Rialachán EMSWe'). Tá an Rialachán sin tagtha i bhfeidhm ach ní bheidh feidhm aige ach ón 15 Lúnasa 2025. Laistigh den chreat nua seo, tógtar céimeanna tábhachtacha i dtreo an t-ualach riaracháin a laghdú a thuilleadh agus éifeachtúlacht agus tarraingteacht an iompair mhuirí a mhéadú. Déantar foráil leis maidir le timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (EMSWe) a chruthú, timpeallacht ag a mbeidh tacar comhchoiteann sonraí agus comhéadain chomhchuibhithe maidir le tuairisciú, agus lena gcuirfear i bhfeidhm prionsabal an tuairiscithe aonuaire. In Airteagal 2(8) den Rialachán, sainmhínítear an 'tacar sonraí EMSWe' mar '*an liosta iomlán d'eilimintí sonraí a eascraíonn as oibleagáidí tuairiscithe*'. An Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, cuimsítear na hoibleagáidí tuairiscithe ar fad inti, agus cuimsítear i gcuid B di na foirmeacha FAL ar fad. Ina theannta sin, leagtar an méid seo a leanas amach sa tríú fomhír d'Airteagal 3(3) den Rialachán – '*Agus é á mheas cé acu atá nó nach bhfuil eilimintí sonraí le háireamh i dtacar sonraí EMSWe, cuirfidh an Coimisiún san áireamh ceisteanna sábháilteachta, chomh maith le prionsabail Choinbhinsiún FAL, is é sin an prionsabal nach gceanglaítear ach faisnéis bhunriachtanach a thuairisciú agus nach mbíonn i líon na míreanna ach an lion is lú is féidir*'.

Dá bhrí sin, na leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL atá le glacadh ag FAL 46, déanfaidh siad difear do chur i bhfeidhm rialacha thuasluaite Threoir 2010/65/AE agus, ón dáta a bheidh feidhm aige, déanfaidh siad difear do rialacha Rialachán (AE) 2019/1239.

3.3.3. Inniúlacht an Aontais Eorpaigh

Rún an MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iniompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77), dhéanfadh sé difear do dhlí an Aontais, go háirithe do chur i bhfeidhm Threoir 2014/90/AE.

Na leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL, dhéanfaidís difear do dhlí an Aontais, go háirithe do chur i bhfeidhm Threoir 2010/65/AE agus, ón dáta a bheidh feidhm aige, dhéanfaidís difear do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1239.

---

2 IO L 283, 29.10.2010, lch. 1.

3 IO L 198, 25.7.2019, lch. 64.

Dá bhrí sin, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE agus, ar an ábhar sin, is gá seasamh an Aontais a leagan síos maidir leis na gníomhartha lena nglactar na leasuithe thuasluaite.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[4].

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[5].

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlachtaí iad Coiste Muir-Shábháilteachta IMO agus Coiste Éascaíochta IMO a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo iad na gníomhartha a iarrtar ar an dá choiste IMO sin a ghlacadh. D'fhéadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith acu ar a bhfuil sa reachtaíocht seo a leanas de chuid an Aontais Eorpaigh:

– Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle. Is amhlaidh atá toisc go gcumhdaítear gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais le Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí, toisc go liostaítear é mar ítim 5.17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1158 ón gCoimisiún maidir le ceanglais maidir le dearadh, tógáil agus feidhmiú trealaimh mhuirí agus caighdeáin tástála le haghaidh trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1170.

– Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe i ndáil le longa atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht uathu agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE agus, ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm, Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (Rialachán EMSWe). Is é is cúis leis sin go gceanglaítear ar Bhallstáit an Aontais, le hAirteagal 7 den Treoir, glacadh le foirmeacha FAL chun na foirmiúlachtaí tuairiscithe a chomhlíonadh, ach go leagtar amach in Airteagal 3 de

[4] Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

[5] Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61–64.

Rialachán (AE) 2019/1239 ‘*Agus é á mheas cé acu atá nó nach bhfuil eilimintí sonraí le háireamh i dtacar sonraí EMSWe, cuirfidh an Coimisiún ceisteanna sábháilteachta, chomh maith le prionsabail Choinbhinsiún FAL, san áireamh, is é sin an prionsabal nach gceanglaítear ach faisnéis bhunriachtanach a thuairisciú agus nach mbíonn i líon na míreanna ach an lion is lú is féidir*’.

Dá bhrí sin, glacadh

– rún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iniompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77)

agus na leasuithe ar

– an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (FAL)

is rud é an glacadh sin lena ndéantar difear do dhlí an Aontais, go háirithe do Threoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle; Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe i ndáil le longa atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht uathu agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE; agus, ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm, Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (Rialachán EMSWe).

Na gníomhartha atá beartaithe, ní gníomhartha iad lena ndéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach i ndáil le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is leis an muiriompar a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2022/0062 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Muirí Idirnáisiúnta le linn an 105ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta agus an 46ú seisiún den Choiste Éascaíochta i ndáil le rún a ghlacadh maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iniompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77), agus i ndáil le leasuithe ar an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (FAL)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (‘IMO’) i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

(2) Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é IMO a bhfuil freagracht uirthi maidir le sábháilteacht agus slándáil loingis agus maidir le truailliú muirí agus truailliú atmaisféarach ó longa a chosc. Tá Ballstáit uile an Aontais ina gcomhaltaí de IMO. Níl an tAontas ina chomhalta de IMO.

(3) De bhun Airteagal 28(b) den Choinbhinsiún um IMO, cuireann an Coiste Muir-Shábháilteachta sásra ar fáil chun cibé dualgais a shanntar dó i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún sin, nó a shanntar dó le Comhthionól IMO nó le Comhairle IMO a chur i gcrích, nó aon dualgas faoi chuimsiú raon feidhme an Airteagail sin a d’fhéadfaí a shannadh dó faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a nglacfadh IMO leis.

(4) De bhun Airteagal 48(a) den Choinbhinsiún um IMO, féadfaidh an Coiste Éascaíochta leasuithe ar an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún FAL’)[1] a ghlacadh. Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún FAL. Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún sin.

(5) Le linn an 105ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta, seisiún a thionólfar ón 20 go dtí an 29 Aibreán 2022, tá an coiste sin le rún a fhormheas maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iniompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77).

[1] Tháinig Coinbhinsiún FAL i bhfeidhm an 5 Márta 1967.

(6) Le linn an 46ú seisiún den Choiste Éascaíochta, seisiún a thionólfar ón 9 go dtí an 13 Bealtaine 2022, tá an coiste sin le leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL a ghlacadh.

(7) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 105ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta, is iomchuí é a leagan síos toisc go bhféadfadh an rún MSC atá beartaithe maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77), go bhféadfadh sé tionchar cinntitheach a bheith aige ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle[2].

(8) Dá nglacfaí rún an MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77), chuirfí feabhas ar na caighdeáin feidhmíochta a glacadh roimhe i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis an rún, toisc go bhfuil sé beartaithe go bhfreastalódh sé ar nuachóiriú an Chórais Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí (GMDSS) agus an léirmhíniú aontaithe maidir leis na dátaí bailíochta ceallraí i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais.

(9) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 46ú seisiún den Choiste Éascaíochta, is iomchuí é a leagan síos toisc go bhféadfadh na leasuithe atá beartaithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL tionchar cinntitheach a bheith acu ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe i ndáil le longa atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht uathu agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE[3], agus ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm, Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (Rialachán EMSWe)[4].

(10) Leis na leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL, thabharfaí an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL níos gaire do cheanglais Rialachán (AE) 2019/1239 agus do na rialacha comhaontaithe gnó maidir leis an Rialachán sin a chur chun feidhme, eadhon tríd an tarchur leictreonach trí ionad ilfhreastail a dhéanamh éigeantach, athrá eilimintí sonraí a chosc, cosc a chur ar úsáid foirmeacha páipéir le haghaidh tarchur sonraí, agus an ceanglas maidir le síniú de láimh a tharscaoileadh.

(11) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag na Ballstáit sin den Aontas ar comhaltaí iad de Choiste Muir-Shábháilteachta IMO agus de Choiste Éascaíochta IMO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach,

[2] IO L 257, 28.8.2014, lch. 146.
[3] IO L 283, 29.10.2010, lch. 1.
[4] IO L 198, 25.7.2019, lch. 64.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 105ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (‘IMO’), is é a bheidh ann comhaontú le glacadh rún MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iniompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77).

Airteagal 2

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 46ú seisiún de Choiste Éascaíochta IMO, is é a bheidh ann comhaontú le glacadh leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún FAL’).

Airteagal 3

1. Na Ballstáit sin den Aontas ar comhaltaí iad de Choiste Muir-Shábháilteachta IMO, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

2. Na Ballstáit sin den Aontas ar comhaltaí iad de Choiste Éascaíochta IMO, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 2 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán